

Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 6

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig, agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na méideanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasai i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear farasbarr €830,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin in imlitir 25 de 2025, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm do thréimhsí cuntasaíochta ag tosú ón 1 Eanáir 2025.

Ioncam fabhraithe

Rinne an tOrdú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Éilimh ar Fheidhmeanna Bainistíochta Costas a Tharmligean), 2018 (SI 191 de 2018) bainistiú éileamh i leith orduithe costas dlí (ar son agus i gcoinne an Stáit araon) a rinneadh an 29 Bealtaine 2018 nó ina dhiaidh sin a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Tá an Oifig fós freagrach as na costais dlí a bronnadh a bhí ann roimh an 29 Bealtaine 2018 a aisghabháil. Is ionann ioncam fabhraithe sa chuntas seo agus costais dlí a bronnadh ar an Stát a ndearnadh cáin a ghearradh orthu/a breithníodh de bhun orduithe costas dlí a fuarthas roimh an 29 Bealtaine 2018 ach nár aisghabhadh go hiomlán fós.

Thug an Oifig faoi mheasúnú a dhéanamh ar in-aisghabhálacht an iarmhéid ioncaim fhabhraithe in 2025, lena sainaithnítear aon lagú ar mhéideanna in-aisghabhála. Tar éis athbhreithniú 2025, fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin méid €1.647 milliún a dhíluacháil i dtaca le méideanna nach féidir a aisghabháil a aithníodh roimhe seo laistigh d'ioncam fabhraithe. Déanfar athbhreithniú ar ioncam fabhraithe ar bhonn bliantúil as seo amach.

Táillí abhcóide fabhraithe

Tá nótaí maidir le táillí a fhaightear ó abhcóide faoi réir próiseas meastóireachta cuimsitheach chun leibhéal na dtáillí atá dlite a chinneadh, rud a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ón méid/ó na méideanna atá á lorg ag abhcóide. Is é an fabhrú ag deireadh na bliana maidir le dliteanais táillí abhcóide an méid a mheasann an Oifig, bunaithe ar thaithí a próisis mheasúnaithe le linn na mblianta deiridh, mar mhéid an dliteanais a bheidh dlite.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Is mar seo a leanas atá na saolréanna ionchais agus na rátaí gaolmhara a bhaineann le dímheas/amúchadh do mhóraicmí sócmhainní caipitil:

<i>Aicme sócmhainne</i>	<i>Saolré ionchais</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Réadmhaoin, fearas agus trealamh	5 – 10 mbliana	10% - 20%
Sócmhainní doláimhsithe	5 bliana	20%

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais**Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais**

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid freagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chomhlíonta agam i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Timpeallacht um rialú airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socrúithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.

- Tá Coiste Iniúcháireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmagain agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistithe riosca i bhfeidhm laistigh den Oifig.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaigh ag an Oifig a oibrítear trí chomhaontú conartha le cuideachta ghairmiúil iniúcháireachta ina n-oibríonn pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Tá obair na hOifige agus a cuid pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaigh, atá faofa agam féin agus ag an gCoiste Iniúcháireachta, bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm iniúcháireachta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúcháireachta inmheánaigh.

Soláthar

Cinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair nuair a bhronntar gach conradh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. €24.4 milliún a caitheadh san iomlán ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus ar sheirbhísí eile ar conradh in 2025.

Tá sonraí tugtha ag an Oifig ar naoi gconradh neamhiomaíocha os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) sa tuairisceán bliantúil maidir le himlitir 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chloígh an Oifig leis na treoirlínte seachas i gcás dhá chonradh stairiúla os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) arbh fhiú €135,395 san iomlán iad (gan CBL san áireamh). Baineann na conarthaí sin le seirbhísí cuntaíochta costais dlí. Chuir an CSSO athbhreithniú ar sholáthar sheirbhísí na gcuntasóirí costais dlí i gcrích ag deireadh mhí an Mheithimh 2024. Sna blianta roimhe seo, rinneadh na seirbhísí sin a rangú mar sheirbhísí dlí. Ba é toradh an athbhreithnithe gur ghlac an CSSO leis gur cheart ceanglais seirbhíse amach anseo ó mhí Iúil 2024 a sholáthar i gcomhréir le rialacha soláthair phoiblí agus go n-áireofar na seirbhísí sin i nochtadh imlitir 40/2002 go dtí go soláthródh an t-údarás conarthach ábhartha na seirbhísí i gcomhréir le treoirlínte soláthair. Tá seo curtha san áireamh anois i dtuairisceán bliantúil 40/2002 agus tá tagairt déanta dóibh thuas.

Slándáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide

Feidhmíonn an Oifig rialuithe dea-chleachtais d'fhonn príomhríosaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (ICT) a mhaolú. Déantar athbhreithniú agus uasghrádú, nuair is gá, ar bhonn leanúnach ar chórais slándála ICT.

Rialuithe airgeadais agus riaracháin

Déanann an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú rialta ar rialuithe. Breithníonn an Coiste Iniúcháireachta gach tuairisc iniúcháireachta inmheánaigh.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhríosaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir. Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhríosaí atá le sárú ag an Oifig agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus tá grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go leathbhliantúil. De réir thoradh na measúnuithe sin a dhéantar pleanáil agus dáileadh ar acmhainní ionas go ndéantar na rioscaí a bhainistiú ar bhealach inghlactha.

Tugtar mioneolas sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus ar na gníomhartha atá ag teastáil chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a leagtar ar bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don Bhord Bainistíochta, nuair is cuí, in am trátha. Deimhním gur sainaithníodh na príomhríosaí agus na rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as creat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2025 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Maria Browne

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

10 Márta 2026

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Oifig an Phríomh Aturnae Stáit agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Díscríobh ioncaim fabhráithe

Nochtar i ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta agus i nóta 6.1 gur díscríobhadh €1.65 milliún d'ioncam fabhráithe le linn na bliana. Baineann sé sin le costais dlí a bronnadh ar an Stát agus a measadh a bheith do-aisghabhála. Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin an díscríobh.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meitheamh 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca lemo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Cuntas Leithreasa 2025

		2025		2024
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Seirbhísí dlí a sholáthar			
	Bunaidh	54,540		
	Forlíontach	801		
			55,341	53,450
			54,803	
Ollchaiteachas			55,341	53,450
<i>Lúide</i>				
B	Leithreasaí i gCabhair			
	Bunaidh	1,151		
	Forlíontach	800		
			1,951	1,498
Glanchaiteachas				
	Bunaidh	53,389		
	Forlíontach	1		
			53,390	51,952
			52,560	

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

	2025	2024
	€	€
Farasbarr le géilleadh	830,346	523,833

Maria Browne
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

10 Márta 2026

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2025

	2025	2024
€000	€000	€000
Costas cláir	19,634	21,438
Pá	30,380	27,685
Neamhphá	4,789	4,327
Ollchaiteachas	54,803	53,450
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí i gCabhair	2,243	1,498
Glanchaiteachas	52,560	51,952
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Réadmhaoin, fearas agus trealamh</i>		
<i>(nóta 2.1)</i>		
Dímheas	73	
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Amúchadh	38	
	111	120
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(52)	
Laghdú ar ioncam fabhráithe	6,904	
Méadú ar speansais fhabhráithe	3,767	
	10,619	67
Caiteachas díreach a vótáladh	63,290	52,139
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	5,002	5,438
Measchíos	1,146	865
Glanchoistas an chláir	69,438	58,442

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanachaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile.

		2025	2024
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	3,533	3,566
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,363	1,795
Vóta 18	Oifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta	66	38
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	40	39
		5,002	5,438

Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoin, fearas agus trealamh	2.1	115	188
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	15	53
		130	241
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	1,222	1,621
Réamhíocaíochtaí	2.4	554	502
Ioncam fabhráithe	2.5	2,767	9,671
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	716	636
		5,259	12,430
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Speansais fhabhráithe	2.7	8,698	4,931
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.8	1,748	2,106
Glanmhaoiniú Státchiste	2.9	190	151
		10,636	7,188
Glan(dlíteanais)reatha/glansócmhainní reatha		(5,377)	5,242
Glan(dlíteanais)/glansócmhainní		(5,247)	5,483
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe an Stáit	2.10	(5,247)	5,483

2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus fearais €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil			
Amhail an 1 Eanáir 2025	1,383	1,548	2,931
Breiseanna	—	—	—
Diúscairtí	(2)	(23)	(25)
Amhail an 31 Nollaig 2025	1,381	1,525	2,906
Dímheas carntha			
Amhail an 1 Eanáir 2025	1,246	1,497	2,743
Dímheas don bhliain	56	17	73
Dímheas ar dhiúscairtí	(2)	(23)	(25)
Amhail an 31 Nollaig 2025	1,300	1,491	2,791
Glansócmhainní			
Amhail an 31 Nollaig 2025	81	34	115
Amhail an 31 Nollaig 2024	137	51	188

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil		
Amhail an 1 Eanáir 2025	831	831
Breiseanna	—	—
Amhail an 31 Nollaig 2025	831	831
Amúchadh carntha		
Amhail an 1 Eanáir 2025	778	778
Amúchadh don bhliain	38	38
Amhail an 31 Nollaig 2025	816	816
Glansócmhainní		
Amhail an 31 Nollaig 2025	15	15
Amhail an 31 Nollaig 2024	53	53

2.3 Banc agus airgead tirim ^a

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
larmhéideanna agus airgead tirim an Phámháistir Ghinearálta	1,219	1,613
larmhéid an chuntais bainc tráchtála	3	8
	1,222	1,621

Nóta ^a Coinníonn an CSSO líon cuntas bainc ar iontaobhas thar ceann ranna cliant, oifigí cliant agus tríú páirtithe a bhíonn páirteach in idirbhearta maoine go príomha. Ní dhéantar aon airgead atá dlite do vóta an CSSO ná a íoctar ó vóta an CSSO a tharchur trí na cuntais bhainc seo. B'ionann an méid a bhí coinnithe i gcuntais bhainc den chineál seo ag deireadh 2025 agus €57.1 milliún (2024: €2.58 milliún). Is toradh é an meádú bliain ar bhliain san iarmhéid ar an dá idirbheart maoine a dhúnfar i mí Eanáir 2026.

2.4 Réamhíocaíochtaí

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Bogearraí agus cothabháil eile	318	342
Seirbhísí eolais	196	134
Réamhíocaíochtaí eile	40	26
	554	502

2.5 Ioncam fabhráithe

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
larmhéid tosaigh an 1 Eanáir	9,671	9,702
Díscríofa ^a	(1,647)	—
Foráil ^b (nóta 2.13)	(5,237)	—
Fáltais airgid	(20)	(31)
larmhéid deiridh an 31 Nollaig	2,767	9,671

Nóta ^a Is ionann an méid atá díscríofa agus na costais dlí a bronnadh ar an Stát a measadh nach féidir a aisghabháil. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin a cheadaigh an díscríobh.

^b Baineann an fhoráil leis na costais dlí a ndearnadh cáin a ghearradh orthu i gcás ina bhfuil aisghabháil éiginnte.

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Tuarastail infhorchúitithe	671	615
Scéim maidir le pas infhorchúitithe taistil	33	13
An scéim um rothaíocht chun na hoibre inforchúitithe	12	8
	716	636

2.7 Speansais fhabhraithe

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Táillí abhcóidí	6,297	3,364
Speansais ghinearálta dlí	102	46
Taisteal agus cothabháil	—	4
Oiliúint agus forbairt	4	46
Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúil	59	25
Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus speansais TF	381	57
Speansais áitribh	95	3
Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde	24	18
Seirbhísí seachtracha dlí	12	19
Párolla	1,115	895
Saoire bhliantúil	609	454
	8,698	4,931

2.8 Iarmhéideanna sochair eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Méideanna dlite don Stáit		
Cáin ioncaim	554	507
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	350	306
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	558	785
Cáin bhreisluacha	5	2
Bliain oibre níos giorra	—	2
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
Fionraí Ilghnéitheach	20	—
	<u>1,488</u>	<u>1,603</u>
 Maoin stáit: eastáit eiséata ^a	 260	 503
	<u>1,748</u>	<u>2,106</u>

Nóta ^a Tá an t-iarmhéid seo iníoctha leis an Stát chomh maith. Taispeántar ar leithligh é sa tábla thuas mar go n-eascaíonn na méideanna eile uile atá dlite don Stát as oibríochtaí leanúnacha an CSSO agus baineann an figiúr atá luaite le heastáit eiséata le hairgead tirim a bailíodh ó thrú páirtithe seachtracha a bhfuil an CSSO ag fanacht ar threoracha diúscartha ina leith.

2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
 Farasbarr le géilleadh	 830	 524
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(640)	(373)
Glanmhaoiniú Státchiste	<u>190</u>	<u>151</u>
 Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	1,222	1,621
Iarmhéideanna dochair: fionraí	716	636
	<u>1,938</u>	<u>2,257</u>
 Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,488)	(1,603)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(260)	(503)
	<u>(1,748)</u>	<u>(2,106)</u>
	<u>190</u>	<u>151</u>

2.10 Cuntas an mhaoinithe stáit

	Nóta	2025	2024
		€000	€000
larmhéid amhail an 1 Eanáir		5,483	5,670
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	53,390	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(830)	
Glanvóta		52,560	51,952
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile	1.1	5,002	5,438
Míreanna neamhairgid:	1	1,146	865
Measchíos			
Glanchoistas an chláir	1	(69,438)	(58,442)
larmhéid amhail 31 Nollaig		(5,247)	5,483

2.11 Ceangaltais

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a fháil	960	1,364

2.12 Dhliteanais aibí

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana	194	216

2.13 Foráil

Áirítear le hioncam fabhráithe costais dlí a bronnadh ar an Stát faoi orduithe costais a fuarthas roimh an 29 Bealtaine 2018 a ndearnadh cáin a ghearradh orthu/a breithníodh agus atá le híoc ach nár aisghabhadh go hiomlán fós. Aithníodh foráil chun an éiginnteacht maidir le hin-aisghabháileacht na méideanna gan fóc a léiriú.

2.14 Tionchar na n-athruithe beartas cuntasáíochta

Ag tosú ón 1 Eanáir 2024, tá caighdeán chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) á gcur chun feidhme ar bhonn céimnithe. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar iarmhéid maoinithe an Stáit i mbliain an chuntais.

	2025	2024
	€000	€000
Fabhrú párolla ^a	—	(895)
Fabhrú saoire bliantúla ^a	—	(454)
Ioncam fabhraithe díscíofa ^b	(1,647)	—
Soláthar ioncaim fhabhraithe ^b	(5,237)	—
	(6,884)	(1,349)

- Nóta ^a CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A
- ^b CGAS 19 Forálacha, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha

Nóta 3
Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos san áireamh i gClár A, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2025		2024
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais			
	Bunaidh	32,196		
	Forlíontach	(464)		
			31,732	27,685
ii	Taisteal agus cothabháil			
	Bunaidh	70		
	Forlíontach	10		
			80	60
iii	Oiliúint agus forbairt		400	407
iv	Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúil		900	854
v	Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus speansais TF		2,264	1,999
vi	Speansais áitribh			
	Bunaidh	700		
	Forlíontach	150		
			850	783
vii	Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde			
	Bunaidh	130		
	Forlíontach	72		
			202	224
			36,428	32,012
			35,169	

Athrúcháin shuntasacha

Leagtar amach san nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le hathrúcháin shuntasacha (ar a laghad +/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin.

vi Speansais áitribh

Soláthar meastacháin €700,000; toradh €911,000

Ba í an mhoill a bhí ar shonraisc 2024, a íocadh in 2025, a fháil agus brúnna boilscithe ba chúis leis an gcaiteachas breise €211,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

Clár A Seirbhísí dlí a sholáthar

		2025		2024
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá			
	Bunaidh	32,196		
	Forlíontach	(464)		
			31,732	27,685
A.2	Riarachán - neamhphá			
	Bunaidh	4,464		
	Forlíontach	232		
			4,696	4,327
A.3	Seirbhísí seachtracha dlí			
	Bunaidh	250		
	Forlíontach	62		
			312	291
A.4	Táillí abhcóide			
	Bunaidh	17,000		
	Forlíontach	801		
			17,801	20,408
A.5	Speansais ghinearálta dlí			
	Bunaidh	630		
	Forlíontach	170		
			800	739
		55,341	54,803	53,450

Nóta ^a As an gcaiteachas dlí a tabhaíodh faoi A.3 go A.5 thuas, íocadh €19.5 milliún amach thar ceann 34 roinn/vóta in 2025 (2024: €21.2 milliún, 35 roinn/vóta).

Athrúcháin shuntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le hathrúcháin shuntasacha i gcaiteachas neamhriaracháin chláir (+/- 5% agus €100,000).

A.4 Táillí abhcóide

Soláthar bunaidh €17 milliún; toradh €18.496 milliún

Ba é ba chúis leis an gcaiteachas breise €1.496 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin bunaidh ná cineál éileamh-bhunaithe táillí abhcóide agus leibhéal castachta na gcásanna.

A.5 Speansais ghinearálta dlí

Soláthar meastacháin bunaidh €630,000; toradh €860,000

Ba é cineál éileamh-bhunaithe na speansas ginearálta dlí agus leibhéal castachta na gcásanna ba chúis leis an gcaiteachas breise €230,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin bunaidh.

Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

4.1 Leithreasáí i gcabhair

		2025		2024
		Soláthar meastacháin	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Costais agus táillí a aisghabhadh			
	Bunaidh	150		
	Forlíontach	800		
		950	1,139	468
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais	1,000	1,095	1,019
3	Ilghnéitheach	1	9	11
		1,951	2,243	1,498

Athrúcháin shuntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i leithreasáí i gcabhair (ar a laghad +/- 5% agus €100,000).

- 1
- Costais agus táillí a fuarthas**

Soláthar meastacháin bunaidh €150,000; toradh €1,139,000

Ba é ba chúis leis an bhfáltas breise €989,000 ná leibhéal aisghabhála costais a bhí níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis, go háirithe i gcás amháin arbh fhiú €581,000 san iomlán é agus táillí a fuarthas maidir le dhá chás eile arbh fhiú €376,000 san iomlán iad.

4.2 Ioncam an Vóta

Is ionann leithreasáí i gcabhair agus méideanna airgid thirim a fuarthas sa bhliain. Is ionann ioncam an Vóta agus ioncam a bhaineann le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar phrionsabal an fhabhráithe.

	2025
	€000
Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte	
Glandheontas an Phríomh-Chiste	52,560
Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais	1,095
Ioncam ó idirbheart malairte	
Costais agus táillí a aisghabhadh	1,139
Ilghnéitheach	9
Ioncam iomlán	54,803
Arna léiriú ag	
Glandheontas an Phríomh-Chiste	52,560
Iomlán na leithreasáí i gcabhair (nóta 4.1)	2,243
	54,803

4.3 Fáiltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2025	2024
	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	—	—
Fáiltais faoi ailt 10 agus 28 den Acht Maoine Stáit, 1954	18	661
Fáiltais faoi alt 31 den Acht Maoine Stáit, 1954	5	—
Aistrithe chuig an Státchiste	(23)	(661)
Iarmhéid amhail 31 Nollaig	—	—

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

Amhail an 31 Nollaig	2025	2024
Foireann CSSO dírithe ar phríomhghníomhaíochtaí	374	360
Foireann CSSO ag obair ar thionscadail dlí ar leith do ranna cliant/oifigí cliant	30	21
	404	381

5.2 Pá

	2025 €000	2024 €000
Pá	29,398	26,680
Liúntais ard-dualgas, le haghaidh dualgais speisialta nó dualgais bhreise	218	196
Liúntais eile	9	9
Ragobair	94	33
ÁSPC an Fhostóra	3,024	2,702
Pá comhlán iomlán	32,743	29,620
Aisghabhálacha ó ranna/oifigí eile	(2,363)	(1,935)
Glanphá iomlán	30,380	27,685

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair is mó	
			2025 €	2024 €
Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	38	11	19,491	14,600
Liúntais eile	4	—	2,196	2,128
Ragobair	29	4	16,559	8,878
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	7	4	21,885	14,190

5.4 Bandaí pá fhostaithe na hOifige

Is mar seo a leanas a bhí líon fostaithe na hOifige a raibh a gcuid sochar iomlán fostaí (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; seachas ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

Bandaí pá (€)		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go dtí	2025	2024
20,000	59,999	203	226
60,000	69,999	26	13
70,000	79,999	28	15
80,000	89,999	23	25
90,000	99,999	54	78
100,000	109,999	53	36
110,000	119,999	23	16
120,000	129,999	13	6
130,000	139,999	8	4
140,000	149,999	1	2
150,000	159,999	2	1
160,000	169,999	—	1
170,000	179,999	—	1
180,000	189,999	3	1
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	—	—
210,000	219,999	—	—
220,000	229,999	—	1
230,000	239,999	1	—

5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigh Cuntasaíochta

	2025	2024
	€000	€000
Bunphá	232	225

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse san áireamh thuas. Is ball den scéim pinsin ranníocaíochta do státseirbhísigh bhunaithe roimh 1995 an tOifigeach Cuntasaíochta agus i dtaca leis sin ní théann teidlíochtaí an Oifigh thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

5.6 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh ceathrar státseirbhíseach a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille *ad hoc* ar bhoird agallaimh do chomórtais agus chun athbhreithniú Acht 7 ar chostas iomlán €10,045. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le triúr oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar iasacht ar feadh 2025 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí rialtais eile.

5.7 Ró-íocaíochtaí párolla

amhail an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2025 €	2024 €
Ró-íocaíochtaí	54	94,654	82,264
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	8	23,573	21,789

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Díscríobh

Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh i rith na bliana le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

	2025 ^a €000	2024 €000
Ioncam fabhraithe díscríofa	1,647	—

Nóta ^a Is ionann an méid atá díscríofa agus na costais dlí a bronnadh ar an Stát a measadh nach féidir a aisghabháil.